

❖ An Lúibín ❖

5 Meán Fómhair 2014

Barrscoileanna

Tá 'Schools Guide' an *Sunday Times* in Éirinn foilsithe anois. Is ann a gheobhaidh tú an cheithre chéad mheánscoil is fearr in Éirinn, meastachán a dhéantar de réir an mheánchéatadáin de dhaltáí a bhain áit amach i bhFómhar na mblianta 2011,2012 agus 2013 sna príomhollscoileanna, sna coláistí ioiliúna, i gColáiste Ríoga na Máinlianna agus sa National College of Art and Design (NCAD). Níl ach sé ghaelcholáiste is fiche sa Phoblacht, ach tá ocht gceann is fiche acu ar an liosta.

Tá an rath céanna ar na scoileanna táille (bua an ghustail), ach is í an scoil atá ar bharr an liosta ná Laurel Hill Coláiste FCJ, scoil Chaitliceach lán-Ghaeilge do cháilíní. An bua ag an nGaeilge.



Ceachtanna

Anois agus arís cuirtear in iúl gur mó an méid Polainnise ná an méid Gaeilge atá á labhairt in Éirinn agus gur Béarla is mó a labhraítear sa Ghaeltacht féin. Luaitear freisin an líon beag daltaí a dhéanann an scrúdú Gaeilge san Ardteist agus gan ach fíorbheagán acu sásta feidhm as an teanga ina dhiaidh sin. Agus sin gan trácht ar an ionadh a dhéantar d'eachtrannaigh a théann i mbun an teanga a fhoghlaim nó a shaothrú.

Glacaimis leis mar sin go bhfuil an Béarla dultha go smior in Éirinn agus nach dtiocfaidh athrú ar an scéal lenár linn ná le linn ár gclainne. Ach déanaimis teanga slán de freisin go bhfuil mionlach ann (muintir na cathrach den chuid is mó) a shaothraíonn an Ghaeilge agus atá i bhfad níos tábhachtaí mar fhórsa cultúrtha ná mar a admhaítear de ghnáth.

As an Astráil a thagann *An Lúibín*: is féidir an Ghaeilge a shaothrú sa tír sin gan díospóireacht lasánta a mhúscailt faoi chúrsaí féiniúlachta. Scéal eile atá acu san oileán síorfhlíuch. Mar a deir John Dowling, Gaeilgeoir, i bpíosa a scríobh sé don *Irish Independent*: 'The vast majority of the population belongs variously to groups who vary between the mildly supportive, the largely indifferent and the downright antagonistic'. Maíonn sé ansin:

Language is central to our being and identity. We need not be surprised when debate becomes passionate, fierce and adversarial.¹

Baineann cuid den fhearg úd leis an bhfrustrachas a thagann ar dhaoine tar éis dóibh na blianta fada a chaitheamh gan toradh i mbun na Gaeilge ar scoil. B'fhéidir nach gan fuaimint atá comhairle an té a deir gur ceart ceachtanna Gaeilge a sholáthar saor in aisce timpeall na tíre. Mar a deir an t-iriseoir Clare Cullen: 'Open up the language to new areas, new people, new socio-economic groups'.² Is éard a spreag an smaoineamh seo an scéim teanga atá ag an Oireachtas do pholateoirí arb áil leo slacht a chur ar a gcuid den Ghaeilge. (Seisear a bhain tairbhe aisti.) Mar a deir Clare, tá poist ag baint leis an teanga. Tá an tÚdarás ann, na meáin Ghaeilge, an tAE. Mura múinteoir an teanga go maith sna scoileanna, cuir an bhéim ar rudaí eile.

¹ 'It seems we are destined to forever talk about Irish and never get round to actually speaking it,' John Downing, *Irish Independent*, 24 Lúnasa 2014: <http://www.independent.ie/opinion/comment/it-seems-we-are-destined-to-forever-talk-about-irish-and-never-get-around-to-actually-speaking-it-30457495.html>

² 'The public should be entitled to free Irish lessons, not the State,' Clare Cullen, *Irish Independent*, 26 Lúnasa 2014: <http://www.independent.ie/opinion/the-public-should-be-entitled-to-free-irish-lessons-not-the-state-30516746.html>

Is dócha anois nach ar scéimeanna móra stáit atá rath na teanga ag brath. (Is deacair a chreidiúint go mbeidh toradh ar an Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge 2010-2030.) Is mó an toradh a bheadh ar mhionscéimeanna teanga agus ar thionscadail phobail. Ní tír dhátheangach Éire feasta, ach is fiú an mionlach de Ghaeilgeoirí atá ann a neartú agus a bhuanú. Is léir anois gurb é sin buaic na hathbheochana i ndáiríre, cé gur fada ón tseanaisling é. Agus is mór an mhisneach a thabharfadh an mionlach sin do Ghaeilgeoirí thar lear – fiú san Astráil, áit a bhfuil claonadh ag an teanga chun a bealach féin a dhéanamh.



An tAire agus a chuid Gaeilge

Is é Joe McHugh Aire Sóisearach na Gaeltachta, fear ábalta, más fíor. Bhí fearg ar dhaoine nuair a ceapadh é mí ó shin mar nach raibh mórán Gaeilge aige, cé gur admhaíodh gurbh Aire cumasach macánta é. Gheall sé go gcuirfeadh sé feabhas ar a chuid Gaeilge agus rinne. Tá cúrsaí de chuid Oideas Gael déanta anois aige agus ní féidir a rá nach bhfuil an líofacht bainte amach aige. Tá blas Dhún na nGall ar a chuid cainte, rud nádúrtha gan dabht, ós é sin a chontae dúchais.

Is garr ó rinne sé agallamh ar ‘Barrscéalta,’ clár de Raidió na Gaeltachta, agus é go maith chuige. Tá beirt chainteoirí dúchais aige mar thiománaithe agus ba mhaith leis pleananna teanga a chur i ngníomh sna Gaeltachtaí beaga atá fós ann. Is sampla é an tAire den saghas dul chun cinn is féidir a dhéanamh agus gan i do chloigeann ag tosú duit ach Gaeilge na scoile. Is trua nach leanfaidh mórán polaiteoirí eile síos an bóthar sin é.



Cloig na hÉireann

Clocán binn
benar i n-aidchi gaíthe:
ferr limm dul ina dáil
indás i ndáil mná baíthe.

Clogán binn a bhaintear in oíche ghaoithe; is fearr liom dul ina dháil ná i ndáil mná baoithe.

Dán iomráiteach manachúil ón 9ú haois atá againn anseo. Tá binneas an chloig ann, agus ba chlog ar leith é, ós de láimh a bhuailt é seachas é a chrochadh in airde agus téad a tharraingt. Timpeall seachtó seanchlog Éireannach atá ar marthain fós and dhá shaghas ann: cinn chré-umha agus cinn iarainn. Idir na blianta 700 agus 900 a rinneadh a bhformhór agus iad le feiceáil ar shnoiteáin uaireanta: féach na *stelae* ar an Oileán Bán (Fear Manach).³ Bhaintí feidhm as na cloig seo in dtuaisceart agus in iarthar na Breataine freisin.

Dhéantaí de leatháin d’iarann saoirsithe iad a d’fhilltí agus a sheamtaí. Ansin phrásáilfí le cóimhiotal copair iad. Is léir ó thrialacha gur le dua mór a dhéantaí iad, rud a chuirfeadh lena luach. Taispeánann snoiteáin pearsana le bachaill agus cloig, rud a chuirfeadh in iúl go raibh siad ina siombail ar an ardchém.⁴

Cluain Fhada i gContae Iarmhí: gaibhneoireacht iarainn, prásáil (i.e. bratú) clog; beagnach dhá thonna d’iarmhar mitalóireachta; breogáin phirimideacha cheirmeacha agus múnlaí cloiche nó cré.⁵

Tá tagairt déanta do chloig Éireannacha in *Landnámabók* (leabhar sean-Lochlainnise faoi áitriú na hÍoslainne), a deir gur tháinig na Lochlannaigh ar iarsmaí manach Éireannach:

³ Roger Stalley, ‘The Irish Round Towers’ (lch 40) in Colum Hourihane (eag.), *From Ireland Coming: Irish Art from the Early Christian to the Late Gothic Period and its European Context*, Princeton University Press, 2001.

⁴ ‘Holy hand bells: the endless histories of Irish relics,’ British Museum: <http://blog.britishmuseum.org/2014/04/14/holy-hand-bells-the-endless-histories-of-irish-relics/>

⁵ Paul Stevens, ‘A monastic enclosure site at Clonfad, Co. Westmeath,’ *Archaeology Ireland*, Summer 2006: <http://www.nra.ie/archaeology/archaeology-ireland-articles/monastic-enclosure-at-clonfad.pdf>

Ach roimh do na hIoruaigh cur fúthu san Íoslann, bhí fir ann a dtugann na Lochlannaigh Papar orthu; ba Chríostaithe iad, agus deirtear gur tháinig siad thar sáile aniar. Fuarthas leabhair, cloig agus bachaill a d'fhág siad ina ndiaidh, rud a thabharfadh le tuiscint gurbh Éireannaigh iad...⁶

B'údarásach an glór é glór an chloig i mainistir agus é le cloisteáil seacht n-uaire in aghaidh an lae. D'fhéadfá a rá gur ghuth Dé é. B'earra luachmhar clog agus is minic a bhíodh a chúram ar na comharbaí (daoine i seilbh talaimh a bhain le heaspóigeacht nó le habacht) agus na hairchinnigh (maoir oidhreachtúla talamh eaglaise).

Bhí cloigthithe (*round towers*) ag na mainistreacha, ach ní furasta a dhéanamh amach ar chlogáis iad i ndáiríre. Ní le téada a chuirfí na cloig ag labhairt iontu, agus ní gan dua a rachadh aon duine in airde iontu seacht n-uaire sa lá chun clog a bhaint.

Sampla suntasach de na cloig seo is ea clog Naomh Pádraig (mar a thugtaí air). Tá sé déanta de dhá leathán iarrainn atá seamaithe le chéile agus brataithe le cré-umha. Ba mhinic é luaite sna téacsanna mar cheann de phríomhthaisí na hÉireann. Deir inscríbhinn go ndearnadh scrín an chloig timpeall na bliana 1100. Tá cuma thraipéasóideach air mar atá ar an gclog féin. Tá painéil ghréasoscailte ar na taobhanna, agus ainmhithe fada agus nathracha ribíneacha fite ina chéile orthu, agus níl sa mhéid sin ach cuid den ornáidíocht. Tá ainmneacha an cheardaí agus a chlainne mac le feiceáil uirthi agus luaitear an rí Domhnall Ó Lochlainn (a bhí i réim idir 1094 agus 1121 agus a choimisiúnaigh an scrín) agus Cathalán Ó Maolchalláin, coimeadaí an chloig. Is iontach an rud é gur fhan an clog i seilbh a mhuintire siúd anuas go dtí deireadh an 19ú haois.⁷



Fórógra na Scríbhneoirí

Is gearr ó d'fhógair Foras na Gaeilge, tobar maoinithe na teanga, go raibh sé chun deireadh a chur leis an deontais a bhí á dtabhairt do na hirísí Gaeilge agus socrú nua a dhéanamh. Cinneadh é a spreag conspóide agus scríbhneoirí Gaeilge míshásta cheana leis an mbail a bhí á cur ar litríocht na teanga. Anois tá fórógra curtha amach ag cuid acu chun cúiseanna a ngearáin a chur in iúl. Tá siad ag tathant ar Fhoras na Gaeilge 'todhchaí leochaileach an fhocail scríofa' a phlé leo agus na pointí a leanas leagtha amach acu. Ní pointí gan bhunús iad, cé go mbeifeá san amhras an féidir leis an bhForas seo nó le foras ar bith an scéal a réiteach ina iomláine.

- Is beag teacht isteach atá ag scríbhneoirí na Gaeilge agus is lú an méid sin ná riamh anois tar éis deireadh a chur le deontais do roinnt irisí clóite agus ar líne. Ar éigean is féidir le scríbhneoirí óga a gceird a chleachtadh gan roinnt mhaith irisí nó nuachtán a bheith ann. Dá fheabhas iad na meáin nua leictreonacha, beidh gá i gcónaí leis na meáin chlóite.
- Is mór an laghdú a tháinig ar dhíol na leabhar, agus níl scaipeadh na leabhar le moladh ach oiread. Is gá an mhórfhadhb seo a iniúchadh agus a fhuascailt.
- Ní foláir leabhair a chuaigh as cló a chur amach arís (léithéidí na n-aistriúchán is fearr a d'fhoilsigh An Gúm).
- Ba cheart léirmheasanna ar leabhair Ghaeilge a chur ar fáil go forleathan. Ar éigean a luaitear leabhair Ghaeilge ar mheáin Bhéarla na tíre, rud a fhágann nach mór leas samhlaíoch a bhaint as na meáin shóisialta.
- Níl litríocht na Gaeilge á haistriú go rialta go teangacha eile, rud eile a mhaolaíonn clú agus teacht isteach an scríbhneora.
- Níl leabhair Ghaeilge á bhfógairt sna mórmheáin ar bhealaí nuálacha agus níl leabhair Ghaeilge á gcur chun cinn ag féilte litríochta na tíre, sna siopaí leabhar ná sna leabharlanna, gan trácht ar aontaí leabhar thar sáile.
- Is beag an méid duaiseanna atá ar fáil do scríbhneoirí Gaeilge.
- Is beag aird a thug TG4 riamh ar leabhair Ghaeilge.

Tá sliocht as ráiteas leis an bhfile Liam Ó Muirthile ceangailte den Fhórógra:

⁶ En áður Ísland byggðist af Noregi, voru þar þeir menn, er Norðmenn kalla papa; þeir voru menn kristnir, og hyggja menn, að þeir hafi verið vestan um haf, því að fundust eftir þeim bækur írskar, bjöllur og baglar og enn fleiri hlutir, þeir er það mátti skilja, að þeir voru Vestmenn...: *Landnámabók*, Caib. 1: <http://www.snerpa.is/net/snorri/landnama.htm>

⁷ Féach <http://www.museum.ie/en/exhibition/list/ten-major-pieces.aspx?article=3a7f87c7-ee55-459d-b7c8-577becc19e15>

Creidimid sa litríocht mar eiseamláir chultúir a chuireann cos i bhfeac i dteanga bheag, in aghaidh thaoidí craosacha an impiriúlachais agus an choilínithe. Creidimid go soláthraíonn an litríocht sin múnlaí agus guthanna, peirspictíochtaí agus tuiscintí, a d'fhéadfadh a bheith ina gcúnamh ag pobail eile ar fud an domhain atá ag comhrac ina dteangacha féin in aghaidh na dtaoidí ollchumhachtacha céanna. Níor mhór, dá réir sin, a bhfuil againn a chur á aistriú go Béarla i dtosach báire, agus go teangacha eile ina dhiaidh sin. Tionscadal mór, neascáfar, misniúil is gá chun freagairt do thráth seo na héigeandála. Ach tacaíocht i bprionsabal a bheith ag a leithéid seo, chuirfí plean le chéile le cur faoi bhráid an Stáit, chun maoiniú a lorg.

Tá ainmneacha mór le rá ag bun an Fhórogra: Gabriel Rosenstock, Tomás Mac Síomóin, Doireann Ní Ghríofa, Antain Mac Lochlainn, Pádraig Ó Cíobháin, Dairene Ní Chinnéide, Ciarán Mac Aonghusa, Pádraig Ó Fiannachta, Liam Ó Muirthile, Liam Prút, Mícheál Ó hAodha, Cathal Ó Searcaigh, Ray Mac Mánaís, Pádraig Mac Fhearghusa, Proinsias Mac a' Bhaird, Áine Ní Ghlinn, Mícheál Ó Ruairc, Brian Ó Broin, Philip Cummings, Pádraic Breathnach, Pádraig B. Ó Laighin, Ailbhe Ní Ghearbhuigh, Alan Titley.

Ní le scríbhneoirí Gaeilge in Éirinn amháin a bhaineann na pointí thuas. Baineann a leithéidí as tíortha eile tairbhe as áiseanna foilsithe in Éirinn agus ba mhaith leo cuma nua a chur ar an scéal.

Tá an fórogra iomlán le fáil ag <http://roghaghabriel.blogspot.ie/>.



Astráiliú na Gaeilge in Melbourne

Sa bhliain 1893 bhunaigh Dubhghlas de hÍde agus daoine eile Conradh na Gaeilge. Is éard ab aidhm dó an Ghaeilge a chur chun cinn agus litríocht nua-aimseartha a chumadh sa teanga. D'fhág sé a rian ar gach tír a raibh pobal Éireannach ann agus bunaíodh craobhacha san Astráil. Bhí trí ré ag Conradh na Gaeilge in Melbourne: 1901-1915, 1912-1919 (craobh nua) agus ón mbliain 1920 anuas go dtí na tríochaidí.

An scoláire Nioclás Ó Domhnall agus cuid dá chairde a bhunaigh an chéad chraobh den Chonradh in Melbourne. Bhí rath éigin ar an gcraobh ar dtús: cuireadh ranganna ar siúl, bhí *Simple Lessons in Irish* (ó lámh Eoghain Uí Ghramhnaigh) á ndíol sa chathair, agus cuireadh ceolchoirm mhór Ghaeilge ar bun in Melbourne i Mí Aibreán 1902. Ach níor mhair an chéad rath agus bhí an chraobh beagnach marbh faoin mbliain 1912, cé go raibh sé in ainm is a bheith beo anuas go dtí an bhliain 1915. Bunaíodh craobh nua ansin agus bhí rath uirthi ar feadh tamaill; chuaigh a lán ban isteach inti. Ach ní raibh gach duine cinnte de gurbh éigean nó gurbh fhéidir an Ghaeilge a shaothrú san Astráil, mar is léir ó litir a chuir 'Ardfinnan' chun an *Tribune* (nuachtán áitiúil). D'admháil sé go bhféadfaí an Ghaeilge a athbheochan in Éirinn; ach ní raibh in obair an Chonartha in Melbourne, dar leis, ach sólas do na deoraithe – 'lonely Irishmen who wish for nothing but to keep up home interests in exile'. Bhí blas éigin den fhírinne ar an tuairim sin, ach níorbh é an scéal iomlán é.

Pé scéal é, tháinig éirí amach na bliana 1916 i mBaile Átha Cliath. Ní raibh lucht na Gaeilge in Melbourne ar aon intinn faoi, rud ba chúis leis an gcraobh a chur ar fionraí. Bhí Sinn Féin ag dul i neart agus na Réamonnaigh (lucht *Home Rule*) ag dul i laige. B'fhurasta an méid sin a aithint agus 60,000 duine cruinnithe ar ráschúrsa Richmond sa bhliain 1917 ag éileamh neamhspleáchais d'Éirinn. Cumann na hÉireann Óige (*Young Ireland Society* – YIS) a chuir an cruinniú ar bun, le cabhair ó ghrúpaí eile. Bhí ranganna Gaeilge ar siúl ag an YIS in Melbourne agus síos an bóthar in Geelong, agus bhí ranganna ar siúl freisin ag an William Rooney Gaelic Society, grúpa poblachtach. D'fhan an Conradh i gceann gnó, agus sa bhliain 1933 bhí daichead duine ag foghlaim Gaeilge sna ranganna aige.

Fáisceadh a lán pearsana suimiúla as an stair seo. Orthu sin bhí Sibéal Ní Chathamhaoil (Bessie Marren), iriseoir a chuidigh le craobhacha den Chonradh a bhunú sna blianta 1912 agus 1920 agus a bhí pósta le hArthur Calwell, Conraitheoir eile agus duine de na polaiteoirí ba shuntasáí sa tír. Gníomhaí eile ba ea an Tomás Ó Cathaláin, scoláire as Contae Luimnigh a bhíodh ar a dhícheall ag coinneáil brí sa teanga in Melbourne. Fuair sé bás sa bhliain 1967.

Chonacthas dá leithéidí go raibh dlúthbhaint ag an teanga le dúchas na hÉireann agus gurbh é sin an chuid ba

thábhachtaí den scéal. Bhí tionchar na n-inimirceach le haithint ar an tuairim sin. B'fhada gurbh fhéidir an Ghaeilge a mheas mar theanga a bhí préamhaithe san Astráil féin. Tharla casadh na taoide sna 1980í; bhí an seandream imithe agus ar éigean a bhí cuimhne ar aon chraobh den Chonradh a bheith ann riamh. Cinnte, bhí lámh ag Éireannaigh sa ghnó go fóill, ach ní raibh an seancheangal ann idir an teanga agus cúrsaí polaitíochta na hÉireann, agus bhí Astrálaigh ag teacht chun tosaigh i saothrú na Gaeilge in Melbourne.

Ba é *Hidden Ireland in Victoria* (cuntas cuimsitheach le Val Noone ar stair na teanga in Melbourne agus sa chuid eile de Stát Victoria) an chéad leabhar a thug léargas ar stair chasta na Gaeilge sa chuid seo den Astráil.⁸ (As an leabhar sin a fuarthas cuid mhaith den eolas thuas.) Feicimid ann athrú éigin dearcaidh ag teacht ar lucht na Gaeilge i leith an taoibh Astrálaigh den teanga. Déantar trácht anois, idir shúgradh agus dáiríre, ar an 'nGaeilge ghriandóite'. As an dearcadh seo a fáisceadh *An Lúibín*. Coinnimid súil ar chúrsaí na teanga in Éirinn féin, ach tá saolta eile ann.

Mura mian leat *An Lúibín* a fháil, cuir teachtaireacht dá réir chun rianach@optusnet.com.au.

If you do not wish to receive this newsletter, please send an email accordingly to rianach@optusnet.com.au.

⁸ Val Noone. *Hidden Ireland in Victoria*. Ballarat Heritage Services, 2012.

Leaganacha simplithe

Ceachtanna

Deirtear gur mó an méid Polainnise a labhraítear in Éirinn ná Gaeilge. Ní dhéanann mórán daltaí an scrúdú Gaeilge san Ardteistiméireacht agus ní bhaineann mórán acu sin feidhm as an nGaeilge ina dhiaidh sin. Is é an Béarla gnáth-theanga na hÉireann. Ach tá mionlach Gaeilgeoirí ann agus tá siad an-tábhachtach.

Ach in Éirinn ní féidir an Ghaeilge a phlé gan chonspóid. Tá daoine ann a thaobhaíonn lei an nGaeilge, daoine atá ina haghaidh, agus daoine ar cuma leo fúithi. Ach tá baint ag cúrsaí teanga leis an bhféiniúlacht, agus bíonn argóintí gear ann dá bharr.

Tá daoine éigin ag moladh anois gur ceart ceachtanna Gaeilge a sholáthar saor in aisce timpeall na tíre. B'fhéidir go spreagfadh sé sin dreamanna eile chun suim a chur sa teanga. Agus tá poist ag baint leis an nGaeilge. Tá Údarás na Gaeltachta ann, na meáin Ghaeilge agus an tAontas Eorpach. Mura muintear an teanga go maith sna scoileanna, cuir an bhéim ar rudaí eile.

Ní ar scéimeanna móra stáit atá rath na teanga ag brath. Is mó an toradh a bheadh ar mhionscéimeanna teanga agus ar thionscadail phobail. Tá Gaeilge ag mionlach, agus is fiú an mionlach sin a neartú. Tabharfaidh sé sin misneach do Ghaeilgeoirí thar lear.

Astráiliú na Gaeilge in Melbourne

Sa bhliain 1893 bhunaigh Dubhghlas de hÍde agus daoine eile Conradh na Gaeilge. Bhí an Conradh chun an Ghaeilge a chur chun cinn agus litriocht nua-aimseartha a chumadh sa teanga. Bunaíodh craobhacha den Chonradh in Melbourne na hAstráile.

Sa bhliain 1901 bhunaigh an scoláire Nioclás Ó Domhnall agus roinnt cairde an chéad chraobh den Chonradh in Melbourne. Bhí rath ar an gcaobh ar dtús, ach bhí sí beagnach marbh faoin mbliain 1912. Ach bunaíodh craobh nua agus bhí rath uirthi ar feadh tamaill. Ach ní shíl gach duine gurbh éigean an Ghaeilge a shaothrú san Astráil, cé gurbh fhéidir í a athbheochan in Éirinn.

Nuair a tharla éirí amach na bliana 1916 i mBaile Átha Cliath bhí scoilt mhór sa Chonradh in Melbourne. Chuaigh roinnt daoine i bpáirt Shinn Féin ach d'fhan daoine eile dílis do *Home Rule*. Chuaigh na poblachtaigh i neart agus bunaíodh grúpaí nua a raibh ranganna Gaeilge acu. Ach bhí an Conradh ann fós agus a lán daoine ina chuid ranganna sa bhliain 1933.

Shíl mórán daoine ag an am go raibh dlúthbhaint ag an teanga le dúchas na hÉireann amháin. Bhí tionchar na n-inimirceach le haithint ar an tuairim sin. Ach faoi óchtóidí an fichiú haois bhí an seandream imithe. Ar éigean a bhí cuimhne ag daoine ar aon chraobh den Chonradh a bheith ann riamh. Bhí lámh ag Éireannaigh sa ghnó go fóill, ach ní raibh an seancheangal ann idir an teanga agus cúrsaí polaitíochta na hÉireann. Bhí Astrálaigh ag teacht chun tosaigh.

Tá daoine ann anois a chuireann béim ar stair agus ar úsáid na teanga san Astráil. Níl Éire dearmadta, ach deirtear anois gur teanga Astrálach í an Ghaeilge. Tá Val Noone agus scoláirí eile ag déanamh taighde ar an taobh Astrálach den scéal.